*Uimhir* 21 *de* 1992

**AN tACHT UM BANC ICC, 1992**

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt


1. Mínithe.
2. Banc ICC c.p.t.
3. Maoirsiú na Cuideachta ag an mBanc Ceannais.
4. Cuspóirí na Cuideachta.
5. Méadú ar chumhachtaí na Cuideachta iasachtaí a fháil.
6. Athrú ar mheabhrán agus ar airteagail chomhlachais na Cuideachta.
7. Leasú ar alt 9 den *Bankers' Books Evidence Act*, 1879, agus ar alt 2 den *Bills of Exchange Act*, 1882.
8. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

| | |
|---|---|
| An tAcht um Banc ACC, 1992 | 1992, Uimh. 6 |
| *Bankers' Books Evidence Act*, 1879 | 42 & 43 Vict., c. 11 |
| An tAcht um Fhianaise Leabhar Baincéirí (Leasú), 1959 | 1959, Uimh. 21 |
| *Bills of Exchange Act*, 1882 | 45 & 46 Vict., c. 61 |
| An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 | 1989, Uimh. 17 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1971 | 1971, Uimh. 24 |
| Acht an Bhainc Ceannais, 1989 | 1989, Uimh. 16 |
| Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 1989 | |
| Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990 | |
| An tAcht Cáirde Tionnscail, 1933 | 1933, Uimh. 25 |
| An tAcht Cairde Tionscail (Leasú), 1971 | 1971, Uimh. 9 |
| An tAcht Cairde Tionscail (Leasú), 1990 | 1990, Uimh. 15 |

*Uimhir* 21 *de* 1992

# AN tACHT UM BANC ICC, 1992
[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA CAIRDE TIONSCAIL, 1933 GO 1990, AGUS CHUN NA gCRÍOCH SIN DO LEASÚ ALT 9 DEN *BANKERS' BOOKS EVIDENCE ACT*, 1879, AGUS ALT 2 DEN *BILLS OF EXCHANGE ACT*, 1882, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE COMHGHAOLMHARA. [23 *Iúil,* 1992]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Mínithe.

**1.**—San Acht seo—

ciallaíonn ''Acht 1971'' an tAcht Cairde Tionscail (Leasú), 1971;

ciallaíonn ''an Banc Ceannais'' Banc Ceannais na hÉireann;

ciallaíonn ''an Chuideachta'' Banc ICC cuideachta phoiblí theoranta;

ciallaíonn ''an Príomh-Acht'' an tAcht Cáirde Tionnscail, 1933.

Banc ICC c.p.t.

**2.**—(1) Ar an Acht seo a rith, tabharfar Banc ICC cuideachta phoiblí theoranta ar Chorparáid an Chairde Tionscail cuideachta phoiblí theoranta (a athchláraíodh mar chuideachta phoiblí theoranta faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, le deimhniú corpraithe dar dháta an 21ú lá de Shamhain, 1984).

(2) Aon tagairtí in aon Acht, nó in aon ionstraim a rinneadh faoi aon Acht, do Chorparáid an Chairde Tionscail cuideachta phoiblí theoranta nó do Chuideachta an Chairde Tionscail, Teoranta, forléireofar iad mar thagairtí do Bhanc ICC cuideachta phoiblí theoranta.

Maoirsiú na Cuideachta ag an mBanc Ceannais.

**3.**—(1) D'ainneoin alt 7 (4) (a cuireadh isteach le halt 30 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971, féadfaidh an tAire le rialacháin, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais, chun a chumasú don Bhanc Ceannais maoirsú a fheidhmiú ar an gCuideachta faoi Achtanna an Bhainc Ceannais, 1942 go 1989, gach ceann nó aon cheann de na forálacha maoirseachta i gCuid II d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971, nó i gCaibidlí I go VI de Chuid II d'Acht an Bhainc Ceannais, 1989, a chur i bhfeidhm maidir leis an gCuideachta fara cibé modhnuithe nó oiriúnuithe a mheasann sé is gá.

A.3 (2) Gach rialachán a dhéanfar faoin alt seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Cuspóirí na Cuideachta.

**4.**—Leasaítear leis seo mír 2 den Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (*c*) (a cuireadh isteach le halt 3 d'Acht 1971):

"(*c*) go mbeidh ar phríomhchuspóirí na Cuideachta—

(i) (I) airgead a thabhairt ar iasacht agus ar airleacan,

(II) scaireanna, stoic, bintiúir, stoic bhintiúir agus urrúis eile de chuid aon chomhlachta chorpraithe a fháil, a fhrithghealladh, a shealbhú agus a dhíol agus déileáil leo ar shlite eile,

(III) billí malairte, nótaí gealltanais agus ionstraimí soshannta eile a tharraingt, a ghlacadh, a fhormhuiniú, a lascainiú agus a cheannach agus déileáil leo ar shlite eile,

(IV) cibé seirbhísí eile baincéireachta, airgeadais nó creidmheasa a chur ar fáil agus gabháil do cibé idirbhearta baincéireachta nó airgeadais is cuí léi (lena n-áirítear ráthaíochtaí a thabhairt d'aon duine i ndáil le híoc airgid, agus úis ar an airgead, nó i ndáil le haisíoc airgid a d'íoc an duine sin ar scór iasachtaí, airleacan nó saoráidí creidmheasa eile a thug an duine sin agus i ndáil le híoc úis ar an airgead sin),

(V) gabháil do shaoráidí fruilcheannaigh agus do shaoráidí léasa a chur ar fáil agus ábhar na saoráidí sin a fháil, a dhiúscairt agus déileáil leis ar shlite eile chun na críche sin, agus

(VI) socrú a dhéanamh chun saoráidí creidmheasa a chur ar fáil d'aon duine ag aon duine eile (agus gníomhú mar ghníomhaire d'aon duine i ndáil le hairgead a íoc, a bhailiú agus a ghlacadh maidir leis na saoráidí sin),

faoi réir cibé coinníollacha nó teorainneacha le méideanna—

(A) a chinnfidh an tAire ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc Ceannais, agus

(B) ar thosach feidhme rialachán arna ndéanamh faoi *alt 3* den *Acht um Banc ICC, 1992*, a chinnfidh an Banc Ceannais ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire, agus

(ii) taiscí airgid (lena n-áirítear airgead in airgead reatha seachas airgead reatha an Stáit) a ghlacadh ó aon bhunadh ar cibé téarmaí agus faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gCuideachta agus taiscí

urrús a ghlacadh chun iad a shlánchoimeád agus a bhainistí agus, a mhéid is dleathach sin, iontaobhais a fhorghníomhú i ndáil leis na hurrúis.''. A.4

Méadú ar chumhachtaí na Cuideachta iasachtaí a fháil.

**5.**—Leasaítear leis seo mír 4 den Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht trí ''£1, 300,000,000'' a chur in ionad ''£1,000,000,000'' (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht Cairde Tionscail (Leasú), 1990) i gclásal (*i*) d'fhomhír (*d*) (a cuireadh isteach le halt 5 d'Acht 1971), agus tá an clásal sin, arna leasú amhlaidh, leagtha amach sa Tábla a ghabhann leis an alt seo.

AN TÁBLA

(i) ní bheidh an méid a chruinneofar nó a gheofar ar iasacht amhlaidh agus a bheidh gan íoc aon tráth áirithe níos mó ná £1, 300,000,000 lúide an méid (más ann) a bheidh an tAire tar éis a íoc, faoi ráthaíocht nó ráthaíochtaí a thug sé, i leith príomhshuime airgid a chruinnigh an Chuideachta nó a fuair an Chuideachta ar iasacht agus a bheidh gan aisíoc an tráth sin ag an gCuideachta leis an Aire.

Athrú ar mheabhrán agus ar airteagail chomhlachais na Cuideachta.

**6.**—Déanfaidh an Chuideachta cibé bearta is gá faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, chun a meabhrán agus a hairteagail chomhlachais a athrú chun iad a chur ar comhréir leis na *hAchtanna um Banc ICC, 1933 go 1992*.

Leasú ar alt 9 den *Bankers' Books Evidence Act*, 1879, agus ar alt 2 den *Bills of Exchange Act*, 1882.

**7.**—(1) Leasaítear leis seo alt 9 (1) (a cuireadh isteach leis an Acht um Fhianaise Leabhar Baincéirí (Leasú), 1959) den *Bankers' Books Evidence Act*, 1879, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (*f*) (a cuireadh isteach le halt 10 den Acht um Banc ACC, 1992):

''(*g*) ICC Bank public limited company.''.

(2) Leasaítear leis seo alt 2 den *Bills of Exchange Act*, 1882, tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ''Banker'' (a cuireadh isteach le halt 11 den Acht um Banc ACC, 1992):

'''Banker' includes—

(*a*) a body of persons whether incorporated or not who carry on the business of banking,

(*b*) a building society (within the meaning of the Building Societies Act, 1989),

(*c*) ACC Bank public limited company, and

(*d*) ICC Bank public limited company.''.

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

**8.**—(1) Féadfar an tAcht um Banc ICC, 1992 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Banc ICC, 1933 go 1992 a ghairm de na hAchtanna Cairde Tionscail, 1933 go 1990, agus den Acht seo (seachas alt 7) le chéile, agus forléireofar le chéile iad mar aon Acht amháin.